An Choimisiún
um thacaíocht
d'Íospartaigh na Coireachta

Tuarascáil Bhliantúil 2012



CLÁR ÁBHAIR

Rannán		Leathanach
	Achoimre Fheidhmeach	2
1	Forbhreathnú ar mhaoiniú a rinne an Coimisiún in 2012	3
2	Maoiniú a dháil an Coimisiún de réir earnála	4
3	Cinntí maidir le maoiniú do 2013	6
4	Soláthar foirne agus oibrithe deonacha	7
5	An Fóram Comhchomhairleach	7
6	Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin in 2012	9
Aguisín A	Iarratais ar mhaoiniú ar éirigh leo in 2012	10
Aguisín B	Dáileadh an mhaoinithe in 2012	11
Aguisín C	Maoiniú a dáileadh ar eagraíochtaí idir 2005 agus 2012	12
Aguisín D	Líon na n-íospartach ar tacaíodh leo agus líon na n-oibrithe deonacha	13
Aguisín E	Ballraíocht an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta	14

AN COIMISIÚN UM THACAÍOCHT D'ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA

TUARASCÁIL DON AIRE DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS 2012

Achoimre Fheidhmeach

- Dháil an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta €1,154,139 in 2012 ar 50 eagraíocht san earnáil dheonach a sholáthraíonn seirbhísí túslíne do thacaíocht d'íospartaigh na coireachta. Chaith an 50 eagraíocht a maoiníodh €1,141,336 san iomlán de mhaoiniú an Choimisiúin in 2012, arb ionann é agus laghdú 1% ó chaiteachas 2011. Thug na heagraíochtaí maoinithe roinnt barrachas anonn ó 2011 go 2012, agus thug roinnt de na heagraíochtaí barrachais bheaga anonn ó 2012 go 2013 (rannán 1).

- Cabhraíodh le 15,637 íospartach tríd an maoiniú sin, arb ionann é agus méadú 13% ó 2011 (rannán 2.6).

- Bhí 30,570 cruinniú nó teagmháil ar an nguthán leis na híospartaigh sin i rith na bliana, laghdú 9% i gcomparáid le 2011 (rannán 2.6).

- Thug 467 oibrí deonach cúnamh do thionscadail mhaoinithe agus

- fostaíodh coibhéis 26 ball foirne lánaimseartha sna tionscadail chéanna (rannán 4).

- Reáchtáladh dhá chruinniú den Fhóram Comhchomhairleach in 2012. Bhí cruinniú amháin díobh dírithe ar thiomsú airgid agus ar dhaonchairdeas, agus bhain an cruinniú eile le Cairt na nÍospartach a chur chun feidhme (rannán 5).

1. Forbhreathnú ar mhaoiniú a rinne an Coimisiún in 2012

1.1 Feidhm thábhachtach den Choimisiún is ea maoiniú a dháileadh ar eagraíochtaí san earnáil dheonach a chuireann tacaíocht ar fáil d'íospartaigh na coireachta. Cuireadh buiséad iomlán de €1,162,000 ar fáil don Choimisiún in 2012. Dháil an Coimisiún €1,154,139 ar 50 eagraíocht. Bhí líon beag eagraíochtaí nár chaith an maoiniú iomlán a dháileadh orthu, rud a d'fhág gur chaith na heagraíochtaí maoinithe €1,144,336 ar an iomlán. Caitheadh fuílleach an bhuiséid ar reáchtáil an Fhóraim Chomhchomhairligh agus ar chostais riaracháin eile.

1.2 Cuireadh fógra poiblí sna nuachtáin náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2011 chun iarratais ar mhaoiniú do 2012 a lorg. Bhain formhór na n-iarratas a fuarthas le heagraíochtaí a chuir isteach ar mhaoiniú agus a fuair maoiniú ón gCoimisiún i mblianta roimhe sin. Fuair an Coimisiún 55 iarratas agus faomhadh 50 ceann díobh.

1.3 Tá an Coimisiún neamhspleách go hiomlán ina chinnteoireacht agus scrúdaítear gach iarratas ar fhiúntas an iarratais féin. Faoi mar a rinne an Coimisiún sna blianta roimhe sin, socraíodh tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí ar an talamh a mhaoiniú, ina soláthraítear tacaíochtaí díreacha d'íospartaigh na coireachta, in ionad struchtúir riaracháin nó tionscadail taighde a mhaoiniú. Bhain méid suntasach den mhaoiniú a cuireadh ar fáil le soláthar na seirbhíse tionlacain chúirte d'íospartaigh na coireachta, go háirithe íospartaigh fhoréigin teaghlaigh agus íospartaigh agus a dteaghlach ag freastal ar an bPríomh-Chúirt Choiriúil i mBaile Átha Cliath. Ina theannta sin, thug an Coimisiún cúnamh d'eagraíochtaí a chuireann tacaíocht agus faisnéis ar fáil d'íospartaigh na coireachta.

1.4 Cuireadh scéala faoi chinneadh an Choimisiúin chuig na heagraíochtaí rathúla go raibh siad le maoiniú a fháil faoi dheireadh mhí na Nollag 2011. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí tosaigh sa chéad cheathrú de 2012, a luaithe a chuir eagraíochtaí na tuarascálacha riachtanacha ar mhaoiniú 2011 agus próifílí caiteachais do 2011 isteach. Íocadh €883,071 le heagraíochtaí maoinithe faoi dheireadh mhí an Mhárta 2012, is é sin go raibh tuairim is 76% de na híocaíochtaí tosaigh féideartha íoctha faoin am sin.

1.5 Rinne an Coimisiún mionanailís arís ar na tuairisceáin cheann bliana a sholáthair na heagraíochtaí maoinithe. Tá an anailís iomlán ar fáil ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin (www.csvc.ie) faoi "Publications". Tugtar pointí a tháinig chun cinn san anailís maidir le hoibrithe deonacha agus teagmháil le híospartaigh i rannán 2 agus i rannán 4 thíos.

1.6 Tugann an Coimisiún faoi deara gur tháinig laghdú foriomlán ar chúlchistí airgeadais, faoi mar a bhíothas ag súil leis, ó chumhdach 16 seachtaine go cumhdach 14 seachtaine ar chaiteachas ag deireadh na bliana 2011 i gcomparáid le 2010. Ní hionann an scéal sna hearnálacha éagsúla maidir leis sin. Tá sé ina ábhar imní don Choimisiún go bhfuil laghdú tagtha ar chúlchistí san earnáil ghinearálta ó chumhdach ar chaiteachas 17 seachtaine ar an meán ag deireadh na bliana 2010 go cumhdach 13 seachtaine ag deireadh 2011. Is é an earnáil sin is mó a bhíonn ag brath ar an gCoimisiún ar mhaoiniú. Bhí barrachais bheaga ag trí eagraíocht ag deireadh na bliana 2011, lena n-áirítear dhá eagraíocht san earnáil ghinearálta. Baineann na sonraí le haghaidh na hanailíse seo le cuntais iniúchta na n-eagraíochtaí maoinithe do 2011.

2. Maoiniú a dháil an Coimisiún de réir earnála

2.1 Dheonaigh an Coimisiún maoiniú do dheich n-eagraíocht a chuireann seirbhísí ar fáil d'íospartaigh na coireachta go ginearálta. Bhí an Coimisiún sásta suim bheag maoinithe a chur ar fáil do *Le Chéile Restorative Justice Project* den chéad uair. Tá an Coimisiún ag obair le hearnáil na coireachta ginearálta chun seirbhísí a leathnú. Ábhar misnigh é don Choimisiún go bhfuil brainse nua oscailte ag an gCónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh in 2012. Tá an Coimisiún an-sásta maidir leis an leathnú seo mar tuigeann sé go rímhaith na deacrachtaí airgeadais atá os comhair go leor eagraíochtaí i láthair na huaire. Tá an Coimisiún sásta freisin go bhfuil méadú mór tagtha ar líon na n-íospartach a bhfuil Tacaíocht d'Íospartaigh sa Chúirt ag cabhrú leo agus a bhfuil leas á bhaint acu as na háiseanna úrnua atá i bhfoirgneamh na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath. Chaith eagraíochtaí maoinithe €447,948 san iomlán agus iad ag freastal ar riachtanais íospartaigh na coireachta ginearálta. Sheas an caiteachas seo do 39% de mhaoiniú an Choimisiúin. Bhíothas in ann tacú le 10,674 íospartach leis an maoiniú sin, méadú suntasach 19% ar fhigiúirí na bliana 2011. (Tacaíodh le 8,996 íospartach in 2011.)

2.2 **Seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh**

D'fhaomh an Coimisiún 29 iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, go príomha chun seirbhís tionlacain chúirte a chur ar fáil. Chaith eagraíochtaí san earnáil seo €442,351 de mhaoiniú an Choimisiúin, arb ionann é agus 39% den mhaoiniú iomlán a dháil an Coimisiún. Cabhraíodh le 3,276 íospartach foréigin teaghlaigh, arb ionann é agus méadú 4% ar líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo in 2011.

2.3 **Seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh agus na gáinneála ar dhaoine**

D'fhaomh an Coimisiún ceithre iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh. Chaith eagraíochtaí san earnáil seo €155,237 de mhaoiniú an Choimisiúin, arb ionann é agus 14% den mhaoiniú iomlán a dháil an Coimisiún ar eagraíochtaí maoinithe. Cabhraíodh le 862 íospartach drochúsáide gnéasaí trí mhaoiniú an Choimisiúin. Is ionann sin agus laghdú 23% ar líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo in 2011.

2.4 **Seirbhísí comhairleoireachta**

Chaith cúig eagraíocht a chuir seirbhísí comhairleoireachta ar fáil do 749 íospartach na coireachta €59,100 de mhaoiniú an Choimisiúin in 2012. Sheas an tsuim sin do 5% de dháileadh foriomlán an Choimisiúin ar eagraíochtaí maoinithe.

2.5 **Seirbhísí do leanaí ar íospartaigh na coireachta iad**

Thug an Coimisiún maoiniú do *CARI* agus do *Barnardos* in 2012. Fuair CARI, a sholáthraíonn tacaíocht do leanaí ar íospartaigh dhrochúsáide gnéasaí iad, agus dá dtuismitheoirí nach ndéanann an drochúsáid, maoiniú i leith seirbhís tacaíochta tionlacain chúirte do leanaí a mbíonn orthu freastal ar an gcúirt mar fhinnéithe. Soláthraíonn *Barnardos* comhairleoireacht do leanaí ar lucht méala iad agus tacaíonn maoiniú an Choimisiúin le comhairleoireacht do na leanaí sin ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe. Is ionann an €36,700 de mhaoiniú a chaith an earnáil seo agus 3% de dháileadh iomlán an Choimisiúin. Thacaigh na heagraíochtaí sin le 76 leanbh ar íospartaigh iad agus lena dteaghlach.

2.6 **Líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo**

Go hachomair, chabhraigh 50 eagraíocht le líon iomlán de 15,637 íospartach. Bhí 30,570 cruinniú nó teagmháil ar an nguthán leis na híospartaigh sin i rith na bliana. Cé go bhfuil méadú 13% ar an líon íospartach ar cabhraíodh leo i gcomparáid le figiúirí na bliana 2011, bhí laghdú 9% ar theagmháil le híospartaigh. Is ionann sin agus laghdú foriomlán ar an méid uaireanta a dhéantar teagmháil le híospartaigh ar an meán. Rinneadh teagmháil le híospartaigh faoi thrí in 2012 i gcomparáid le ceithre huaire in 2011. Baineann an laghdú seo beagnach go hiomlán le laghdú 27% ar an méid uaireanta a dhéantar teagmháil in earnáil an fhoréigin teaghlaigh, bíodh is go bhfuil méadú ar líon na n-eagraíochtaí san earnáil sin a bhí in ann figiúirí teagmhála a chur ar fáil do 2012 i gcomparáid le 2011. Dé réir mar a thagann laghdú ar mhaoiniú agus méadú ar an líon íospartach ag lorg seirbhísí, ní féidir le seirbhísí leathnú gan cuimse maidir leis an líon íospartach a gcabhraítear leo agus le réimse na tacaíochta a chuirtear ar fáil. Léirítear líon na n-íospartach ar tacaíodh leo de réir catagóire in Aguisín D.

2.7 Caitheadh €1,141,336 de mhaoiniú an Choimisiúin ar sheirbhísí d'íospartaigh in 2012. Ón uair a bunaíodh an Coimisiún in 2005 go dtí deireadh 2012, tá €8.475 milliún leithdháilte ag an gCoimisiún ar eagraíochtaí san earnáil dheonach a bhíonn ag tacú le híospartaigh na coireachta. Tugtar liosta na n-eagraíochtaí arna maoiniú ag an gCoimisiún in 2012 in Aguisín A.

3. Cinntí Maoinithe do 2013

3.1 Faoi mar a bhí i gcás blianta eile, chuir an Coimisiún fógra sna nuachtáin náisiúnta an 6 Deireadh Fómhair, 2012 ag lorg iarratas ar mhaoiniú do 2013 lena chinntiú go bhfaigheadh na comhlachtaí deonacha arna maoiniú ag an gCoimisiún a n-íocaíochtaí chomh luath agus ab fhéidir in 2013. Ba é an 23 Samhain 2012 an dáta deiridh chun iarratais a fháil. Fuair an Coimisiún 54 iarratas, agus rinneadh iad a mheas agus rinneadh cinntí ina leith ag cruinniú an Choimisiúin i mí na Nollag 2012. Cuireadh in iúl d'iarratasóirí ar bpointe ansin an mbeadh maoiniú á thabhairt dóibh in 2013 nó nach mbeadh.

4. Soláthar Foirne agus Oibrithe Deonacha

4.1 Oibríonn 467 oibrí deonach in eagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún. Bíonn earnálacha áirithe ag brath ar fhostaithe íoctha níos minice chun seirbhísí a sholáthar d'íospartaigh. Ar na hoibrithe deonacha, d'oibrigh 275 acu ag cuidiú le híospartaigh na coireachta ginearálta, sholáthair 31 acu tacaíocht d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, d'oibrigh 136 san earnáil foréigin ghnéasaigh, d'oibrigh 16 san earnáil chomhairleoireachta agus d'oibrigh 9 le leanaí (Aguisín D). Chuir maoiniú an Choimisiúin ar chumas na n-eagraíochtaí an choibhéis de 26 fostaí lánaimseartha íoctha a fhostú freisin.

4.2 Ina thuarascáil bhliantúil in 2011, léirigh an Coimisiún an imní a bhí air go mbainfí den obair dheonach sa mheántéarma dá laghdófaí na costais a d'íoc oibrithe deonacha as a bpóca féin, nó dá ndiúltófaí na costais a aisíoc leo. Tá áthas ar an gCoimisiún in 2012 go bhfuil méadú 14% ar chostais oibrithe deonacha i gcomparáid le figiúirí na bliana 2011, arb ionann é agus caiteachas breise €11,354 sa réimse seo. Mar sin féin, ní dhéanann costais 2012 ach roinnt de chiorruithe na bliana 2011 a laghdú, agus tá figiúirí 2012 39% níos ísle ná mar a bhí in 2010 i gcónaí.

5. An Fóram Comhchomhairleach

5.1 Bunaíodh an Fóram Comhchomhairleach d'Íospartaigh na Coireachta in 2009 le dearcadh íospartach a chur san áireamh tríothu siúd atá ag obair nó ag obair go deonach sna grúpaí. Freastalaíonn ionadaí amháin ó gach eagraíocht dheonach a ndéanann an Coimisiún maoiniú uirthi ar an bhFóram. Cuireann an Fóram ar chumas na n-eagraíochtaí arna maoiniú ag an gCoimisiún ionchur a bheith acu i bhforbairt straitéise agus beartas chun cuidiú agus chun tacú le híospartaigh na coireachta. Éascaítear malartú dea-chleachtais idir na heagraíochtaí maoinithe leis freisin. Reáchtáil an Coimisiún deich gcruinniú den Fhóram go dtí seo. Reáchtáladh dhá chruinniú den Fhóram Comhchomhairleach in 2012.

5.2 D'fhreastail os cionn 30 ionadaí ó na heagraíochtaí maoinithe ar an gcéad Fhóram i mí na Bealtaine 2012.

5.3 I bhfianaise staid reatha an gheilleagair agus na ndeacrachtaí tiomsaithe airgid atá os comhair go leor de na heagraíochtaí i láthair na huaire, mheas an Coimisiún gurbh fhiú ionchur a chur ar fáil agus cúrsaí tiomsaithe airgid agus cúrsaí daonchairdis a phlé. Dá bhrí sin, tugadh cuireadh d'ionadaithe ó *The Ireland Funds, na hIonaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce* agus *Barnardos* teacht chun labhairt ar thiomsú airgid. Labhair ionadaí ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar mholtaí an Rialtais maidir leis an daonchairdeas ag an bhFóram freisin. Shíl mórchuid na rannpháirtithe go raibh sé an-úsáideach pointí eolais a fháil chun cabhrú leo ina gcuid gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid.

5.4 Aidhm thábhachtach de chuid an Choimisiúin is ea comhoibriú a fheabhsú i measc na n-eagraíochtaí atá á maoiniú aige trí acmhainní agus taithí a chomhroinnt nó trí oibriú le chéile ar thionscadail leasa choitinn. Dá bhrí sin, tugadh am ar leith ag an dá chruinniú den fhóram do na heagraíochtaí maoinithe chun an staid chun dáta a thuairisciú maidir leis sin. I measc samplaí den obair a rinneadh in 2012, áirítear seirbhísí deonacha ag freastal lena chéile ar chruinnithe maidir le tionlacan cúirte chun comhoibriú agus seirbhís níos éifeachtaí le haghaidh íospartach ag freastal ar an gcúirt a chinntiú, agus soláthar oiliúna ag úsáid acmhainní comhroinnte.

5.5 Díríodh go príomha ar Chairt na nÍospartach ag an dara Fóram in 2012, a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair. Labhair ionadaithe ón nGarda Síochána, ón tSeirbhís Chúirteanna, agus ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir leis an gcaoi a bhfuil Cairt na nÍospartach á cur chun feidhme acu. Léiriú ar an gcomhoibriú leanúnach idir an Coimisiún agus na gníomhaireachtaí is ea ionadaithe ó ghníomhaireachtaí an cheartais choiriúil a bheith i láthair agus rannpháirteach go gníomhach. Bhí go leor ama le haghaidh ceisteanna a chur agus le haghaidh ábhair éagsúla a phlé ag an bhFóram, faoi mar is gnáth. Ba é sin an dara huair don Fhóram féachaint ar chur chun feidhme Chairt na nÍospartach. Féachadh ar an gceist áirithe sin roimhe sin in 2010. Tugadh faisnéis chun dáta don lucht freastail freisin maidir leis an Treoir AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta (Treoir an AE maidir le hÍospartaigh).

5.6 Tar éis vóta ar mhinicíocht chruinnithe an Fhóraim, socraíodh téarmaí tagartha an Fhóraim a athrú ionas go sonrófaí go dtiocfadh an Fóram le chéile uair amháin sa

bhliain ar a laghad. Léiriú is ea an cinneadh sin ar na brúnna móra atá ar na rannpháirtithe ar fad seirbhísí a chur ar fáil do chliaint, agus ar an obair agus ar an gcostas a bhaineann leis na cruinnithe a reáchtáil. Léiriú is ea é freisin ar luach an Fhóraim do na rannpháirtithe, toisc go raibh an rogha ann deireadh a chur leis na cruinnithe ar fad.

6. Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin in 2012

6.1 D'fhreastail an tUasal McAndrew, agus an tUasal Heylin in éineacht leis, ar chruinniú na seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh de chuid na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe i nDún Éideann i mí Feabhra. Mar thoradh ar chuireadh ón gComhairle um Chearta an Duine, bhí an tUasal McAndrew ina chathaoirleach ar chomhdháil na comhairle ar Threoir an AE maidir le hÍospartaigh. Bhí an chomhdháil ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin. Ba é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a d'oscail an chomhdháil. D'fhreastail an tUasal McAndrew ar chomhdháil bhliantúil *Victim Support Europe* i Liospóin i mí Mheán Fómhair, agus bhí an tUasal Trevor Noonan ó Oifig Íospartaigh na Coireachta in éineacht leis. Bhain an t-ábhar plé go mór le Treoir an AE maidir le hÍospartaigh.

6.2 D'fhreastail an tUasal Heylin ar sheoladh thuarascáil bhliantúil an Ionaid Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath agus an Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann. Bhí an dá sheoladh ar siúl i mBaile Átha Cliath.

6.3 D'fhreastail an tUasal Noonan ar sheoladh thuarascáil bhliantúil AMEN i mí na Bealtaine.

6.4 D'fhreastail an tUasal O'Shea, Rúnaí don Choimisiún, ar oscailt bhrainse nua na Cónaidhme um Chúnamh d'Íospartaigh i nGaillimh i mí Feabhra. D'fhreastail sí freisin ar sheoladh thuarascáil bhliantúil an *Irish Tourist Assistance Service* i mBaile Átha Cliath.

Aguisín A

Iarratais ar mhaoiniú ar éirigh leo in 2012

	Eagraíocht	Suim iomlán a dáileadh	Suim iomlán a caitheadh
1	Adapt (Ciarraí)	€21,500	€21,500
2	Adapt (Luimneach)	€41,000	€41,000
3	AdVIC	€22,000	€22,000
4	Amen	€11,360	€7,960
5	Ascend	€12,900	€12,000
6	Barnardos	€22,500	€22,500
7	Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light	€14,300	€14,300
8	CARI	€14,200	€14,200
9	Women's Aid Cheatharlach	€16,000	€16,000
10	Seirbhísí Clare Haven	€10,500	€10,500
11	Cope (Gaillimh)	€2,200	€2,314
12	Líne chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta	€67,239	€69,500
13	Cuan Saor Women's Refuge Ltd.	€18,500	€18,500
14	Foréigean Teaghlaigh (Seirbhís abhcóideachta)	€7,600	€7,600
15	Domestic Violence Response	€13,500	€13,500
16	Seirbhís Fhoréigean Teaghlaigh Dhún na nGall	€14,300	€14,300
17	Tearmann Dhroichead Átha do Mhná	€9,500	€9,500
18	Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath	€19,000	€19,000
19	Seirbhís Fhoréigean Teaghlaigh Bhaile Átha Cliath 12	€3,000	€3,000
20	Seirbhís Comhairleoireachta Dhún Dealgan	€19,000	€19,000
21	Families, Fathers and Friends	€2,400	€2,400
22	Cónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh	€85,300	€85,300
23	An tSeirbhísí Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí	€42,500	€42,500
24	Seirbhísí Tacaíochata Laois in Aghaidh Fhoréigean Teaglaigh	€11,200	€11,200
25	Le Chéile Restorative Justice Project	€5,000	€5,000
26	Lárionad Leitir Ceanainn do Mhná (Foireann Chomhairliúcháin)	€4,800	€4,800
27	Lifeline (Inis Eoghain) Women's Outreach	€1,000	€205
28	Lárionad Comhairleoireachta Deonaí *Living Life*	€12,400	€12,400
29	Nasc Longfoirt do Mhná	€21,000	€21,000
30	Seirbhís Tacaíochta do Mhná Mhaigh Eo	€23,000	€23,000
31	Tearmann na Mí do Mhná	€25,000	€25,000
32	Seirbhísí Tacaíochta maidir le Daoine ar Iarraidh in Éirinn	€8,600	€8,600
33	Mná Feasa	€23,000	€23,000
34	Oasis	€7,000	€7,000
35	Mná i nGéarchéim, Uíbh Fhailí	€8,600	€8,600
36	One in Four	€70,500	€70,500
37	An Líonra Éigeandála um Éigniú	€46,500	€43,737
38	Safe Link Ros Comáin	€16,000	€16,000
39	Cumann Tithíochta Saoirse	€12,900	€12,900
40	An tIonad um Fhoréigean Gnéasach, Corcaigh	€22,000	€22,000
41	Tacaíocht tar éis Choireachta	€111,000	€111,000
42	Tacaíocht tar éis DúnBhásaithhe	€47,500	€47,500
43	Cumann Tithíochta Tearmann	€13,800	€13,800
44	Tacaíocht d'Íospartaigh	€5,200	€2,152
45	Tacaíocht d'Íospartaigh sa Chúirt (Seirbhís Tacaíochta Cúirte roimhe seo)	€55,440	€54,396
46	Seirbhís Tacaíochta na hIarmhí in aghaidh Foréigean Teaghlaigh	€14,200	€14,200
47	Women's Aid Bhaile Átha Cliath	€75,000	€75,000
48	Women's Aid Dhún Dealgan	€13,800	€11,040
49	Lárionad Teiripe na mBan	€8,600	€8,600
50	You are not Alone	€800	€332
	Iomlán	€1,154,139	€1,141,336

Aguisín B

Dáileadh an mhaoinithe in 2012

Earnáil	Suim a caitheadh	% den iomlán a caitheadh
Coireacht Ghinearálta	€447,948	39%
Foréigean Teaghlaigh	€442,351	39%
Foréigean Gnéasach	€155,237	14%
Comhairleoireacht	€59,100	5%
Leanaí	€36,700	3%
Iomlán	€1,141, 336	100%



Aguisín C

Maoiniú a dáileadh ar eagraíochtaí idir 2005 agus 2012

2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012
€685,750	€885,250	€946,125	€1,057,148	€1,254,279	€1,275,814	€1,205,684	€1,141,336



Líon na n-eagraíochtaí ar tugadh maoiniú dóibh 2005-2012



Aguisín D

Líon na n-íospartach ar tacaíodh leo agus líon na n-oibrithe deonacha

Líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo	
Earnáil	**Líon na n-íospartach ar cabhraíodh leo**
Ginearálta	*10,674
Foréigean Teaghlaigh	3,276
Foréigean Gnéasach	862
Comhairleoireacht	749
Leanaí	**76
Iomlán	**15,637**

* Glaonna ar Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta san áireamh
** Áirítear leis seo baill teaghlaigh na leanaí ar íospartaigh iad

Líon na nOibrithe Deonacha	
Earnáil	**Líon na n-oibrithe deonacha**
Ginearálta	275
Foréigean Teaghlaigh	31
Foréigean Gnéasach	136
Comhairleoireacht	16
Leanaí	9
Iomlán	**467**

Líon Foirne	
Earnáil	**Coibhéis lánaimseartha**
Ginearálta	6
Foréigean Teaghlaigh	10
Foréigean Gnéasach	3
Comhairleoireacht	2
Leanaí	1
	22

Aguisín E

Ballraíocht an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

1. Baill an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta in 2012:
An tUasal Ray McAndrew, Cathaoirleach (iar-Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána)

An tUasal Terry Delany (Leas-Ard-Rúnaí, Ceardchumann Oibrithe Cumarsáide na hÉireann)

An tUasal Greg Heylin, ex officio (Stiúrthóir Oifig Íospartaigh na Coireachta)

1.2 Soláthraíonn Oifig Íospartaigh na Coireachta rúnaíocht lánaimseartha don Choimisiún. Baineann an Coimisiún leas as seirbhísí comhordaitheora freisin. Tugann an comhordaitheoir cuairt ar na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún, déanann sé faireachán ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil agus cabhraíonn sé le réiteach fadhbanna áitiúla.